Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2020
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0263(NLE)**

**11030/20
ADD 1**

**ACP 95
WTO 189
COASI 111
RELEX 669**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Meán Fómhair 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 576 final - ANNEX |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, i dtaca le haontachas Stát Neamhspleách Shamó, aontachas Oileáin Sholomón agus aontachas Oileánstát eile san Aigéan Ciúin amach anseo |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 576 final - ANNEX.

---

Faoi iamh: COM(2020) 576 final - ANNEX

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.9.2020
COM(2020) 576 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, i dtaca le haontachas Stát Neamhspleách Shamó, aontachas Oileáin Sholomón agus aontachas Oileánstát eile san Aigéan Ciúin amach anseo**

# COMHAONTÚ

**lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, i dtaca le haontachas Stát Neamhspleách Shamó, aontachas Oileáin Sholomón agus aontachas Oileánstát eile san Aigéan Ciúin amach anseo**

AN tAONTAS EORPACH,

de pháirt, agus

POBLACHT FHIDSÍ (dá ngairtear "Fidsí" anseo feasta),

STÁT NEAMHSPLEÁCH NUA-GHUINE PHAPUA (dá ngairtear "Nua-Ghuine Phapua" anseo feasta),

STÁT NEAMHSPLEÁCH SHAMÓ (dá ngairtear "Samó" anseo feasta), agus

OILEÁIN SHOLOMÓN,

dá ngairtear "na Stáit san Aigéan Ciúin" freisin anseo feasta,

den pháirt eile,

AG FÉACHAINT DON Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile[1] (an "Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach"), lena mbunaítear creat maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche, comhaontú a síníodh i Londain an 30 Meitheamh 2009 agus atá á chur i bhfeidhm go sealadach idir an tAontas Eorpach agus Nua-Ghuine Phapua ó bhí an 20 Nollaig 2009 ann agus idir an tAontas Eorpach agus Fidsí ó bhí an 28 Iúil 2014 ann;

AG FÉACHAINT DÓ go bhforáiltear le hAirteagal 80 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach gur féidir le hOileánstáit eile san Aigéan Ciúin aontú don Chomhaontú ar bhonn tairiscint i leith rochtain ar an margadh lena gcomhlíontar Airteagal XXIV de CGTT 1994;

AG FÉACHAINT DÓ gur aontaigh Samó agus Oileáin Sholomón don Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach an 21 Nollaig 2018 agus an 7 Bealtaine 2020 faoi seach, trína n-ionstraimí aontachais a thaisceadh, agus dá réir sin tháinig siad chun bheith ina bPáirtithe Conarthacha sa Chomhaontú;

AG FÉACHAINT DÓ go bhfuil feidhm shealadach ag an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an tAontas Eorpach agus Samó ón 31 Nollaig 2018, agus idir an tAontas Eorpach agus Oileáin Sholomón ón 17 Bealtaine 2020;

AG FÉACHAINT DON mholadh an 4 Deireadh Fómhair 2019 ón gCoiste Trádála arna bhunú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach a bhaineann leis na leasuithe atá le déanamh ar an gComhaontú sin chun aontachas Oileánstát san Aigéan Ciúin leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach a chur san áireamh;

AG ATHDHEARBHÚ a ngealltanas don Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach a chur chun feidhme, agus ós mian leo oibriú i gcomhar chun cuspóirí an Chomhaontaithe a ghnóthú;

---

[1] IO L 272, 16.10.2009, lch. 2.

ÓS MIAN LEO aontachas Oileánstát eile san Aigéan Ciúin leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach a éascú agus na tairbhí a eascraíonn as an gComhaontú a chur ar fáil dóibh,

TAR ÉIS CINNEADH AR CHOMHAONTÚ A THABHAIRT I gCRÍCH:

*Airteagal 1*

**Leasú ar an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach**

Leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, mar a leanas:

1. In Airteagal 70, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

   "1. Chun críocha an Chomhaontaithe seo, is é atá sna "Páirtithe Conarthacha" an Comhphobal Eorpach, dá dtagraítear mar "Páirtí CÉ", de pháirt amháin, agus Nua-Ghuine Phapua, Poblacht Fhidsí, Stát Neamhspleách Shamó agus Oileáin Sholomón, dá dtagraítear mar "na Stáit san Aigéan Ciúin", den pháirt eile.".

2. In Airteagal 80, cuirtear an mhír 3 seo a leanas leis:

   "3. Féadfaidh an Coiste Trádála cinneadh a dhéanamh faoi aon leasú ar an gComhaontú a d'fhéadfadh a bheith riachtanach tar éis aontachas Oileánstáit eile san Aigéan Ciúin.".

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

1. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm de réir na gcoinníollacha céanna dá bhforáiltear in Airteagal 76(1) den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach.

**2.** Cuirfear an Comhaontú seo i bhfeidhm go sealadach de réir na gcoinníollacha céanna dá bhforáiltear in Airteagal 76(2) den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach.

*Airteagal 3*

**Téacsanna barántúla**

Tarraingeofar an Comhaontú seo suas i ndúblach sna teangacha seo a leanas: an Béarla, an Bhulgáiris, an Chróitis, an Danmhairgis, an Eastóinis, an Fhionlainnis, an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Ghréigis, an Iodáilis, an Laitvis, an Liotuáinis, an Mháltais, an Ollainnis, an Pholainnis, an Phortaingéilis, an Rómáinis, an tSeicis, an tSlóivéinis, an tSlóvaicis, an Spáinnis, an tSualainnis agus an Ungáiris, agus comhúdarás ag gach ceann de na téacsanna sin.

DÁ FHIANÚ SIN, tá na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe, atá údaraithe go cuí chuige sin, tar éis an Comhaontú seo a shíniú.

Arna dhéanamh i(n) [cathair] an [dáta].

Thar ceann an Aontais Eorpaigh

Thar ceann Phoblacht Fhidsí

Thar ceann Stát Neamhspleách Nua-Ghuine Phapua

Thar ceann Stát Neamhspleách Shamó

Thar ceann Oileáin Sholomón